

Eleathanach320

Dé Luain 8 Aibreán 2019

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Bhí Seachtain Náisiúnta na gCrann ar siúl an tseachtain seo caite in Éirinn. Bhí a lán imeachtaí éagsúla ar siúl ar fud na hÉireann.

'Ag Plandáil don phláinéid' an t-ainm a bhí ar an tseachtain iontach seo. Bhí páistí scoile gníomhach i rith na seachtaine freisin.

I mBaile Átha Cliath, d'eagraigh Garraithe Náisiúnta na Lus siúlóid do pháistí. D'fhoghlaim na páistí scoile a lán rudaí faoin mbéaloideas agus faoi na crainn.

Bhí plandáil crann ar siúl i gContae na Gaillimhe ar an 30 Márta 2019 ag 1 i.n. i gCnoc na Tí. Ar phlandáil bhur scoil crainn fós?

An aithníonn sibh an crann sa phictiúr?



Cad is ainm don chrann seo?

Seó Ceoil - EVITA

I mBaile Átha Cliath, chuir múinteoirí seó ceoil ar siúl an tseachtain seo caite. Evita is ainm don seó ceoil. Bhí na múinteoirí scoile ina n-aisteoirí.

Tá an seó ceoil seo suite san Airgintín sna 1940idí. Bhí an ceol agus na héadaí thar cionn. Bhí a lán múinteoirí bunscoile ar an stáitse.

Ar chuala do mhúinteoir faoin seó ceoil? Bhí Ambasadóir na hAirgintíne i láthair Dé Sathairn. Bhain sé an-taitneamh as an seó ceoil. Comhghairdeas leis na múinteoirí ar fad.



Seo grianghraf den bhialann nua!

Bialann faoi Uisce san Iorua

Tá an chéad bhialann ar oscailt faoi uisce san Eoraip. 'Under' is ainm don bhialann. Ciallaíonn 'Under' iontas san Ioruais. Tá fuinneoga móra sa bhialann agus is féidir le daoine a lán rudaí a fheiceáil.

Bainfidh eolaithe úsáid as an mbialann freisin chun taighde a dhéanamh ar shaol na farrage.



Seo an buaiteoir! Molly Hocking is ainm di.

The Voice UK

Bhí an seó deireanach den tsraith *The Voice UK* ar siúl oíche Shathairn. Bhuaigh Molly Hocking an comórtas. Bhí an-áthas ar Olly Murs nuair a bhuaigh Molly.

Is iad Tom Jones, Jennifer Hudson, will.i.am agus Olly Murs na moltóirí. Chan na moltóirí le chéile ar an gclár. Bhí siad thar cionn.

Bhí ceathrar sa chraobh: Molly, Jimmy Balito, Deana Walmsley agus Bethzienna Williams. Ansin bhí ar an gceathrar amhráin a chanadh. Bhí an-áthas ar Molly Hocking nuair a bhuaigh sí an comórtas.